

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN

LAOGHAIRE 

ddletb



**Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board**



Tuarascáil Bhliantúil

2021

CLÁR NA NÁBHAR

Fáilte ón gCathaoirleach	1
Focal ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin	2
.....	4
Cuid 1	5
An Bord, An Coiste Feidhmiúcháin, feidhmeanna, Misean agus Luachanna	5
An Bord	5
An Coiste Feidhmiúcháin	7
Feidhmeanna Bhord BOO	8
Fís	13
Ráiteas misin	13
ár Luachanna	14
Cuid 2	16
Breisoideachas agus Oiliúint (BOaO)	16
Tionchar na Paidéime ar an soláthar BOaO in 2021	16
Is iad seo cuid de na tosaíochtaí a bhí againn in 2021	19
Cuid 3	24
Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE)	24
Foireann na bhFoirgneamh	24
cód caiteachais phoiblí	25
Seirbhísí Corparáideacha	25
Acmhainní daonna	26
Cúrsaí Airgeadais	27
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	29
Achoimre Airgeadais	30
Cuid 4	32
Bunscoileanna	32
Iar-Bhunscoil	36
Digital Connect BOOÁCDL – ‘Daoine a Nascadh chun an Fhoghlaim a Fheabhsú’	38
Cuid 5	42
An tSeirbhís Forbartha Óige agus Spórt	42
An tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta (STS)	44
Príomheagraíochtaí a bhfuil caidreamh againn leo	46
Aguisíní	50
Aguisín A	50
Aguisín B	53
Aguisín C	53
Aguisín D	54
Aguisín E	54
Aguisín F	55
Giorrúcháin	56

FÁILTE ÓN GCATHAOIRLEACH

Mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire tá sé de phribhléid agam Tuarascáil Bhliantúil 2021 BOOÁCDL a chur i láthair ina leagtar amach an réimse cuimsitheach gníomhaíochtaí atá curtha ar fáil ag scoileanna, ionaid agus seirbhísí BOOÁCDL le dhá mhí dhéag anuas.

Tá BOOÁCDL ar cheann de na Boird Oideachais agus Oiliúna is mó in Éirinn agus freastalaímid i gcónaí ar riachtanais na scoláirí agus na bhfoghlaimoirí, bíodh sé sin ar leibhéal na bunscoile, na hiarbhunscoile nó an bhreisoideachais. Bhí sé sin fíor go háirithe sa dá bhliain seo a chuaigh thart nuair a bhí scoileanna agus ionaid oideachais dúnta de dheasca Covid-19. Tá an tréimhse sin tar éis tionchar leathan a imirt in earnáil an oideachais. Bhí sé an-tábhachtach do BOOÁCDL tacaíocht a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus dóibh siúd atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachais i rith 2021, rud atá fós fíor in 2022.

Sa tuarascáil seo, tugtar cuntas ar a bhfuil éirithe amach ag an eagraíocht agus leagtar béim ar an tsolúbthacht, seiftiúlacht agus teacht aniar atá léirithe ag an bhfoireann. Mar Chathaoirleach ar an mBord, is mian liom an obair atá déanta ar an tuarascáil bhliantúil seo a mholadh. Gabhaim buíochas leis na comhaltaí uile atá ar Bhord BOOÁCDL, leis an bhfeidhmeannas agus leis an bhfoireann ar fud na heagraíochta, atá fial i gcónaí lena gcuid ama ag obair i dtreo earnáil oideachais agus oiliúna a fhorbairt sa réigiún seo i rith 2021.



An Clr Joe Newman
Cathaoirleach

FOCAL ÓN BPRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

Léiríonn Tuarascáil Bhliantúil 2021 iarrachtaí dílse agus éachtaí na mball foirne go léir ar fud BOOÁCDL le linn bliain eisceachtúil eile.

Fuair an Bord tuarascálacha i gcaitheamh na bliana faoin ngníomhaíocht i scoileanna, in ionaid agus i seirbhísí, inar tugadh sonraí faoin obair atá déanta ar mhaithe le leanúnachas an teagaisc agus na foghlama a chinntiú ar feadh na bliana i ngach comhthéacs.

Tomhaiseann BOOÁCDL a dhul chun cinn maidir leis an gcéad sprioc agus an dara sprioc i Ráiteas Straitéise BOOÁCDL; **Cláir Oideachais agus Oiliúna ar Ardchaighdeán agus Eispéireas ar Ardchaighdeán d’Fhoghlaim** eoirí. Tá mé an-bhródúil as an tiomantas a léirigh foireann uile BOOÁCDL chun na caighdeáin is airde a chur ar fáil dár scoláirí le linn 2021.

Tháinig méadú ar líon na scoláirí sna scoileanna agus tá 19823 scoláire ag freastal ar aon iar-bhunscoil is tríocha (31), ceithre Ghaelcholáiste (4) san áireamh. Tá 3250 scoláire inár scoileanna náisiúnta pobail, idir naoi (9) mbunscoil, dhá (2) scoil atá ina n-aonaid sainchúraim, pobalscoil náisiúnta speisialta amháin (1), agus scoil amháin (1) atá ina hionad coinneála do leanaí. Tá obair ar siúl ar fud an líonra scoileanna

tacaíocht ón BOO a áirithiú, agus ó na líonraí príomhoidí, leas-phríomhoidí, oideachas speisialta, DEIS, treoirciomhairleoirí, foghlaim dhigiteach agus gníomhaíochtaí eile um fhorbairt ghairmiúil leantach.

Déanann na Seirbhísí Óige seirbhísí a bhainistiú, a mhaoiniú i gcónaí, chomh maith le tacú leis na seirbhísí sin, do 23,716 duine óg sna trí chontae seo a leanas: Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire/Ráth an Dúin. Rinneadh dul chun cinn in 2021 ar an iarratas ar Music Generation i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara.

Chuir BOOÁCDL breisoideachas agus oiliúint ar fáil do nach mór 23,425 duine in 2021. D’fhan an líon céanna foghlaim eoirí ar roinnt clár breisoideachais agus oiliúna nó tháinig méadú orthu fiú, mar shampla, cúrsaí iar-Ardteistiméireachta, Scileanna le Dul Chun Cinn a Dhéanamh agus Socrúcháin Oibre do Dhaoine Dífhostaithe, mar gheall ar an éileamh ar dhul chun cinn san oideachas nó ar uasoiliúint agus athoiliúint ghairmiúil. Léiríonn sé sin gairmiúlacht agus freagrúlacht na gcoláistí agus na n-ionad breisoideachais agus oiliúna chun cianfoghlaime agus foghlaim chumaisc a chur ar fáil go leanúnach.

Cuireadh forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil arís go dian le linn 2021. Bhí an Clár Ceannaireachta do Mhúinteoirí agus an Clár Meáncheannaireachta i measc na gclár a bhí ann. Cuireadh tacaíocht láraithe ar fáil d'fhoghlaimoirí trí raon seisiún pobail foghlama a bhí mealltach agus idirghníomhach, rud a thacaigh le húsáid ardán TF agus timpeallachtaí fíorúla foghlama á n-urrú ag BOOÁCDL inár gcuid scoileanna, coláistí agus ionad.

Is mór an onóir dom saothar iontach beagnach 4,000 ball foirne a fheiceáil ó lá go lá, daoine a leanann orthu ag obair le scoláirí, foghlaimoirí agus cliaint ar bhealaí úrnua, nuálacha i gcónaí.

Admhaítear sa tuarascáil seo freagairt iontach fhoireann uile BOOÁCDL ar riachtanais foghlaimoirí agus tiomantas na foirne don éiteas agus do na traidisiúin is fearr a bhaineann leis an tseirbhís phoiblí agus leis an teagaisc agus foghlaim i gcúinsí deacra 2021. Tá aitheantas tuillte ag na

foghlaimoirí chomh maith as a bheith rannpháirteach ar bhealach dearfach le linn phaindéim Covid19 agus ansin nuair a bhíomar ag teacht amach aisti.

In 2021, chuir BOOÁCDL tús le Ráiteas Straitéise 2022-2026 a fhorbairt. Táim ag tnúth le bheith ag obair leis an mBord air sin agus le foilsiú na Straitéise in 2022.

Is mór againn tacaíocht Bhord BOOÁCDL agus muid ag obair chun an tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil do phobal an BOO seo.


Caitriona Murphy

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



1



BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN
 LAOGHAIRE. 
CUID 1

**AN BORD, AN COISTE FEIDHMIÚCHÁIN, FEIDHMEANNA, MISEAN
 AGUS LUACHANNA**

AN BORD

Bord BOOÁC DL amhail an 31 Nollaig 2021

<i>Comhalta</i>	<i>An Comhlacht Ainmniúcháin</i>	
Daneve Harris, Uas. (Cathaoirleach, MF '20)	Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí	Ean – Noll 2021
An Clr. Kazi Ahmed	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Ean – Noll 2021
An Clr. Cathal Boland	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean – Noll 2021
An Clr. Michael Clark	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Ean – Noll 2021
An Clr. Yvonne Collins	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Ean – Noll 2021
An Clr. Peter Kavanagh	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Ean – Noll 2021
An Clr. Pamela Kearns	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Ean – Noll 2021
An Clr. Brigid Manton	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean – Noll 2021
An Clr. Joe Newman (Cathaoirleach, MF '21)	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean – Noll 2021
An Clr. Ed O'Brien	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Ean – Noll 2021
An Clr. Una Power	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Ean – Noll 2021
An Clr. Pamela Conroy	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean – Noll 2021
An Clr. John Walsh	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean – Noll 2021
An tUasal Ken Farrell	Comhdháil na gCeardchumann	Ean – Noll 2021

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN

LAOGHAIRE. 

Anne Genockey, Uasal	AONTAS	Ean – Noll 2021
An tUasal Colm Kilgallon	AONTAS	Ean – Noll 2021
Claire Markey, Uas.	Baill Foirne	Ean – Noll 2021
Gerry McGuire (Leas-Chathaoirleach)	Chambers Ireland	Ean – Noll 2021
An tUasal Paul McNally	Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí	Ean – MF 2021
An tUasal Brendan O'Halloran	Baill Foirne	Ean – Noll 2021
Kenneth Rea	Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí	MF – Noll 2021

Coiste Feidhmiúcháin BOOÁCDL amhail an 31 Nollaig 2021

Caitriona Murphy, Uasal	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	Ean – Noll 2021
An tUasal Adrian Flynn	Stiúrthóir na Scoileanna	Ean – Noll 2021
Debbie Howlett, Uasal	Stiúrthóir na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta	Ean – Noll 2021
An tUasal Trevor Moore	Stiúrthóir an Bhreisoideachais agus na hOiliúna	Ean – Lún 2021
Siobhan Lynch	Stiúrthóir an Bhreisoideachais agus na hOiliúna	MF – Noll 2021
Nichola Spokes, Uasal	Stiúrthóir na Scoileanna	Ean – Samh 2021
Noel Kelly	Stiúrthóir na Scoileanna	Samh – Noll 2021

FEIDHMEANNA BHORD BOO

Bíonn feidhmeanna an Bhoird ina bhfeidhmeanna feidhmiúcháin nó ina bhfeidhmeanna forchoimeádta. Is é an Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann na feidhmeanna feidhmiúcháin agus is é an Bord a chomhlíonann na feidhmeanna forchoimeádta. Leagtar amach na feidhmeanna forchoimeádta in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus déantar achoimre orthu mar seo a leanas:

Feidhmeanna an Bhoird
1. Iarratas chuig an Aire le haghaidh ainm lena bhféadfaidh an bord é féin a chur in iúl do dhaoine chun críocha oibríochtúla.
2. Príomhfheidhmeannach a cheapadh.
3. Príomhfheidhmeannach a chur ar fionraí.
4. Scoláireacht a chur ar bun.
5. Tuairim a thabhairt maidir leis na daoine ar ghá don Phríomhfheidhmeannach dul i gcomhairle leo agus ráiteas straitéise á hullmhú aige.
6. Ráiteas straitéise a ghlacadh.
7. Tuarascáil bhliantúil a ghlacadh.
8. Bronntanais a ghlacadh nó bheith i d'iontaobhaí.
9. Cinneadh chun údarú a thabhairt do chomhalta freastal ar chomhdháil, seimineár, cruinniú nó imeacht.
10. Maidir le Coiste BOO: <ul style="list-style-type: none"> (i) an Coiste a chur ar bun nó a dhíscaoileadh; (ii) na téarmaí tagartha a chinneadh agus nósanna imeachta an Choiste a rialú; (iii) comhalta den Choiste (agus an cathaoirleach san áireamh) a cheapadh nó a chur as oifig, agus (iv) gníomh de chuid an Choiste a dhearbhú.
11. Maidir le Coiste Airgeadais agus Coiste Iniúcháireachta agus Riosca: <ul style="list-style-type: none"> (i) bunú na gCoistí sin; (ii) comhalta ar na Coistí sin (agus an cathaoirleach san áireamh) a cheapadh agus a chur as oifig, agus (iii) tuarascáil a fháil arna hullmhú ag gach ceann de na Coistí sin agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an ngníomh (más ann dó) is ceart a ghlacadh mar gheall ar thorthaí na tuarascála sin.
12. Plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh.

13. An chumhacht chun airgead a fháil ar iasacht.

14. Cuntais a choimeád.

15. Talamh, nó leas ar bith i dtalamh, a fháil, a choinneáil i seilbh agus a dhiúscairt, 53
Faoi réir na rialachán arna ndéanamh ag an Aire.

FREASTAL AR CHRUINNITHE IN 2021

AN BORD

Freastal na gcomhaltaí ar chruinnithe in 2021:

Comhalta	Fad ama	Fea	Fea	Már	Bealtaine	Meith	MF	DF	Samh
An Clr. Kazi Ahmed	Ean - Noll	√	√	√	√	√	√	X	√
An Clr. Michael Clark	Ean - Noll	√	√	√	√	√	√	X	√
An Clr. Yvonne Collins	Ean - Noll	√	√	√	√	X	√	√	√
Ken Farrell	Ean - Noll	√	√	√	√	X	√	X	√
Anne Genockey	Ean - Noll	√	X	X	√	X	√	√	√
Daneve Harris	Ean - Noll	√	√	√	√	√	√	√	√
An Clr. Peter Kavanagh	Ean - Noll	√	√	√	√	X	√	√	√
An Clr. Pamela Kearns	Ean - Noll	√	X	X	√	X	√	√	√
Colm Kilgallon	Ean - Noll	√	√	√	√	X	√	√	√

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN

LAOGHAIRE.

An Clr. Brigid Manton	Ean - Noll	√	√	√	X	√	X	√	√
Claire Markey	Ean - Noll	√	√	√	√	√	√	√	√
Gerry McGuire	Ean - Noll	√	√	√	√	X	√	√	√
Paul McNally	Ean - Noll	√	√	X	X	X	√	N/B	N/B
An Clr. Joe Newman	Ean - Noll	√	√	√	√	√	√	√	√
An Clr. Ed O'Brien	Ean - Noll	√	X	X	X	X	X	X	X
Brendan O'Halloran	Ean - Noll	√	√	√	√	X	√	√	√
An Clr. Una Power	Ean - Noll	√	√	X	X	X	√	X	X
An Clr. Pamela Conroy	Ean - Noll	√	√	√	√	√	√	√	√
Kenneth Rea	Ean - Noll	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B	√	X	X
An Clr. Cathal Boland	Ean - Noll	√	√	√	X	X	√	X	√
An Clr. John Walsh	Ean - Noll	√	√	√	√	√	√	√	X

Freastal Chomhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar chruinnithe in 2021:

Comhalta		Fad ama	15 Már 2021	25 Már 2021	27 MF 2021	24 Samh 2021
Alan Connolly	Comhalta	Ean -	√	√	√	√
	Seachtrach	Noll				
Mary Troy	Comhalta	Ean -	X	X	N/B	N/B
	Seachtrach	Noll				
Gillian Doherty (Cathaoirleach)	Comhalta	Ean -	√	√	√	√
	Seachtrach	Noll				
An Clr. Kazi Ahmed	Comhalta	Ean -	√	√	√	√
	inmheánach	Noll				
An Clr. Joe Newman	Comhalta	Ean -	√	√	√	√
	inmheánach	Noll				
Daneve Harris	Comhalta	Ean -	√	√	√	√
	inmheánach	Noll				

Déanann an Bord maoirseacht leanúnach ar an mbainistíocht riosca agus dearbhaíonn sé go ndearna sé measúnú ar phríomhrioscaí BOOÁCDL, ar na bearta maolaithe lena mbaineann agus ar dhearbhuíthe ar éifeachtacht na mbeart sin in 2021.

Déanann an Bord bainistíocht ar rioscaí don eagraíocht trí chlár struchtúrtha

bainistíochta riosca. Rinne an Bord an tasc de mhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca a tharmligean don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Cabhraíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca leis an mBord agus tugann sé dearcadh neamhspleách maidir lena fhreagrachtaí i ndáil le bainistíocht riosca.

Freastal Chomhaltaí an Choiste Airgeadais ar chruinnithe in 2021:

Comhalta		Fad ama	19 Fea 2021	24 Már 2021	06 DF 2021	08 Noll 2021
Gerry McGuire (Cathaoirleach)	Comhalta inmheánach	Ean - Noll	√	√	N/B	√
Catherine Doran	Comhalta Seachtrach	Ean - Noll	√	√	√	√
Catherine Bruen	Comhalta Seachtrach	Ean - Noll	N/B	√	√	N/B
Colm Kilgallon	Comhalta inmheánach	MF - Noll	√	√	√	√
Claire Markey	Comhalta inmheánach	Ean - Noll	√	√	√	√



A bheith chun tosaigh go gníomhach in oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar.

RÁITEAS MISIN

Raon leathan clár, seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais agus oiliúna a sholáthar do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta ar fud réigiún BOOÁC DL.



2

Ráiteas Seirbhíse:
Breisoideachas agus Oiliúint



CUID 2

BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT (BOAO)

Cuireann an Breisoideachas agus Oiliúint (BOaO) in BOOÁCDL réimse leathan clár agus seirbhísí ar fáil atá deartha le forbairt gheilleagrach agus shóisialta a chur chun cinn ar fud limistéir riaracháin Fhine Gall, Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Tá éagsúlacht le brath sna foghlaimeoirí sa BOaO agus ina measc tá luathfhágálaithe scoile, daoine a d'fhág an scoil le déanaí, printísigh, daoine fásta atá ag filleadh ar an oideachas/oiliúint. Chomh maith leis sin, tá grúpaí tosaíochta ann, lena n-áirítear foghlaimeoirí faoi mhíchumas, dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn chomh maith le daoine atá dífhostaithe agus daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach. Anuas air sin, tá an uasoiliúint agus an athoiliúint mar thosaíocht don BOaO dóibh siúd atá fostaithe cheana lena chinntiú go mbeidh na scileanna cuí acu agus forbairtí ag

teacht go mear ar shaol na hoibre agus ar an ngeilleagar i rith an ama.

Tá sé mar aidhm ag an BOaO in BOOÁCDL go mbeidh an foghlaimeoir i gcroílár gach ndéanaimid agus tréimhse foghlama den chaighdeán is airde a chur ar fáil do gach foghlaimeoir a shocraíonn imeacht ar an aistear foghlama le BOOÁCDL. Bhí sé mar aidhm sa Phlean Seirbhíse don BOaO in 2021 riachtanais an duine, theaghlach an duine agus phobal an duine a chur san áireamh, chomh maith leis na riachtanais atá ag fostóirí áitiúla agus réigiúnacha ó thaobh scileanna de. Tá cuntas sa tuarascáil bhliantúil seo ar an dóigh ar bhain an BOaO a chuspóirí amach ina leith seo.

TIONCHAR NA PAINDÉIME AR AN SOLÁTHAR BOAO IN 2021

I mí an Mheithimh 2021, thug an rialtas le fios gur 'seirbhís riachtanach' atá sa BOaO. D'eisigh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta an plean "Filleadh Sábháilte ar bhreisoideachas agus ar ardoideachas agus oiliúint ar an láthair" a bhí mar bhonn faoi athoscailt na n-ionad BOaO.

Ba é an dúshlán a bhí roimh an BOaO in BOOÁCDL cothromaíocht a bhaint amach idir an riachtanas le foghlaimeoirí a earcú,

gníomhaíocht a spreagadh ó thaobh scoláirí a choinneáil agus deimhniúcháin de agus, san am céanna, a chinntiú go mbeadh timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre ann do na foghlaimeoirí agus don fhoireann. Ar an ábhar sin, tugadh tús áite le linn 2021 do chlár a raibh leibhéil arda den fhoghlaim phraiticiúil ag baint leo lena gcur ar fáil ar an láthair, printíseachtaí san áireamh. Tugadh tús áite chomh maith don soláthar "duine le duine" do spriocgrúpaí atá i mbaol eisiaimh, cuir i gcás an Lítearthacht

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN

LAOGHAIRE.

d'Aosaigh, foghlaimeoirí Béarla, Oideachas Pobail agus Ógtheagmháil. Bhí socrúithe éigeandála cianfhoghlama i bhfeidhm don chuid is mó de na foghlaimeoirí.

Sa bhliain 2021, bhí 17,834 foghlaimeoir nó 23,425 duine ann a bhain tairbhe as¹ páirt a ghlacadh i gcúrsaí in ionaid, coláistí agus

seirbhísí breisoideachais agus oiliúna BOOÁC DL. Bronnadh beagnach **10,000** teastas DCCÉ ar fhoghlaimeoirí, idir mhórteastais, mhionteastais agus teastais shainchuspóireacha. Méadú beagnach 9% é sin ar na rátaí deimhniúcháin in 2020.

Tábla 1

An Cineál Soláthair	An líon tairbhíthe sa BOaO in 2021	Líon foghlaimeoirí BOaO in 2021
Soláthar lánaimseartha		
Printíseacht 2016+	197	197
Oiliúint Phrintíseachta	1,238	1,238
Oiliúint Nasctha	458	413
Ionaid Oiliúna Phobail	170	167
Ceardlann um Cheartas	44	44
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	250	242
IAT	4,784	4,354
IAT roimh Phrintíseacht	73	70
Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe	321	273
Oiliúint i Scileanna Sonracha	1,722	1,597
Cúrsaí Oiliúna: Fostaithe	1,396	1,131
Cúrsaí Oiliúna	185	179

¹ Is éard is líon na dtairbhíthe ann ná an líon iomlán foghlaimeoirí á iolrú faoin líon

cúrsaí a raibh siad páirteach iontu le linn 2021.

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN
LAOGHAIRE. 

Bunchúrsaí SDOG	286	263
Ógtheagmháil	548	369
IOMLÁN LÁNAIMSEARTHA	11,672	10,537
Soláthar páirtaimseartha		
Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh	1,071	639
Grúpaí de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar Oideachas	2,494	1,514
Oideachas Pobail	3,174	1,453
Ríomh-Choláiste	5	5
BCTE	1,847	954
Oiliúint Tráthnóna	948	861
Uaireanta Comhair BOaO	77	61
DTOBA	294	158
Scileanna Oibre	204	134
Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh	1,625	1,504
Maoiniú Eile	14	14
IOMLÁN PÁIRTAIMSEARTHA	11,753	7,297
IOMLÁN	23,425	17,834

IS IAD SEO CUID DE NA TOSAÍOCHTAÍ A BHÍ AGAINN IN 2021

- **Seirbhísí BOaO a chur ar fáil ag na leibhéil a bhí ann roimhe seo, a raibh drochthionchar ag Covid-19 air:**

Is díol suntais é go raibh líon chomh hard céanna foghlaimeoirí ar chuid de na cláir BOaO in 2021 agus gur tháinig méadú ar chuid eile. Mar shampla, tháinig méadú an-mhór ar ghníomhaíocht ar an tionscnamh Scileanna chun Dul Chun Cinn. Tionscnamh náisiúnta atá ann ar a gcuirtear deiseanna ar fáil don scilbhisiú agus athsciliú. Is é is aidhm don tionscnamh na scileanna a theastaíonn ó fhostaithe a thabhairt dóibh le dul chun cinn a dhéanamh sa ról atá acu faoi láthair nó le dul in oiriúint do mhargadh fostaíochta atá ag síorathrú. Tháinig méadú 58% in 2021 ar an rannpháirtíocht ar chúrsaí mar chuid den tionscnamh Scileanna chun Dul Chun Cinn. Bhíothas ag obair go dian in BOOÁCDL chomh maith le freagairt éigeandála a chur i bhfeidhm ar an riaráiste a bhí ann i gcás na bPrintíseachtaí Ceardaíochta mar gheall ar an bpaindéim. Bhí líon ard clárúchán fós ann do phrintíseachtaí sa réigiún. Chláraigh 518 duine le printíseacht a dhéanamh in 2021.

Tháinig méadú 18% ar na tairbhíthe ó sholáthar an Oideachais Phobail in 2021. Chuir an phaindéim isteach go mór ar an réimse sin in 2020.

Mar sin féin, tháinig laghdú ar an líon daoine a bhí cláraithe ar chuid de na cláir atá á gcur ar fáil sa BOaO in 2021, an soláthar iar-ardteistiméireachta san áireamh. Ós rud é gur baineadh feidhm as gráid ríofa do dhaltaí Ardteistiméireachta (AT) in 2020 agus 2021, fuair níos mó acu áit in Institiúidí Ardoideachais. Cuireadh 4,620 áit bhreise ar fáil in institiúidí tríú leibhéal i Meán Fómhair 2021, a d'imir tionchar ar chúrsaí fosta. Dá bhrí sin,

tháinig laghdú ar fud na tíre ar líon na bhfoghlaimeoirí a chláraigh le cúrsaí iar-Ardteistiméireachta a dhéanamh agus, dá réir sin, tháinig laghdú giota níos mó ná 5% sa ghníomhaíocht iar-Ardteistiméireachta agus laghdú 11% ar líon na daoine a chláraigh le cúrsaí a dhéanamh.

Ós rud é nach raibh teacht ag gach duine ar ghléasanna digiteacha agus WiFi sa bhaile, anuas ar leibhéil ísle scileanna teicneolaíochta faisnéise, tháinig deighilt dhigiteach isteach a d'imir tionchar go díréireach ar fhoghlaimeoirí leochaileacha. Mar sin, tháinig laghdú in 2021 ar an líon daoine a bhí páirteach san oideachas bunúsach, go háirithe Litearthacht d'Aosaigh, Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile agus soláthar ar na leibhéil is ísle den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Cé gur tugadh tús áite do na grúpaí sin ó thaobh oideachas agus oiliúint a chur ar fáil ar an láthair de, níorbh fhéidir le hlonaid BOaO a bheith ag feidhmiú ag na leibhéil uasta cionn is gurbh éigean fad dhá mhéadar a choinneáil idir na foghlaimeoirí. Cláir pháirtaimseartha ba mhó ar bhuail srianta leanúnacha agus tionchar Covid-19 iad. Bhí laghdú 7% ar an ngníomhaíocht ar chlár pháirtaimseartha. Bhí laghdú i bhfad ní ba mhó ar an Litearthacht d'Aosaigh, Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile agus ar an Oiliúint Tráthnóna.

Cé gur dhá bhliain dhúshlánacha a bhí ann, tá an BOaO in BOOÁCDL tagtha tríd an tréimhse agus forbairt déanta air. Tá an líon foghlaimeoirí atá beartaithe do 2022 ag teacht leis na leibhéil a bhí ann in 2019 sula raibh paindéim Covid-19 ann.

- **Nuálaíocht: Cláir agus cúrsaí nua a fhorbairt:**

Le linn 2021, rinneadh cláir nua a fhorbairt agus a chur ar fáil ar bhonn leanúnach le freastal ar riachtanais foghlaimoírí, pobal agus fiontraíochta.

I measc na gcúrsaí nua BOaO a cuireadh ar fáil in 2021 tá na cinn seo a leanas:

- Díol Ar Líne - cúrsa nua ar líne le gur féidir le gnólachtaí dul in oiriúint don trádáil ar líne,
- Scileanna cianoibre, lena n-áirítear deimhniúchán le City & Guilds - chun freastal ar riachtanais reatha daoine aonair agus fostóirí agus cúrsaí mar atá faoi láthair ó thaobh Covid-19 de,
- Bainistíocht ILM – Ceannaireacht trí Athrú,
- Suiteáil Pointí Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha,
- Haiceálaí Eiticiúil/Ardchleachtóir Slándála CompTIA (CASP+),
- Ceannach, Soláthar agus r-Thairiscint,
- Microsoft Azure,
- Speisialtóir Tableau agus Microsoft Power BI - tá BOOÁCDL ar an gcéad BOO sa tír leis an gcúrsa seo a chur ar fáil,
- Cúram Othar: Gníomhaíochtaí Maireachtála
- Sheol Club Peile Shelbourne agus Cumann Peile na hÉireann, i gcomhar le BOOÁCDL (Ionad Oiliúna Bhaile Dúill) cúrsa lánaimseartha sa Riarachán Gnó do luathfhágálaithe scoile. Baintear leas as an bpeil ar an gcúrsa le gur féidir leo siúd atá ar an gcúrsa cur leis an bhfoghlaim sna modúil ábhartha, Cóitseáil Sacair, Forbairt Phearsanta, Ceannaireacht, agus Sláinte agus Sábháilteacht ina measc.
- Cúrsa san Fhiontraíocht Dhigiteach/Ríomhghnó

Dámhachtainí gairmiúla nua sa Luathfhoghlaim agus Cúram:

Thug an BOaO IN BOOÁCDL ceannasaíocht i gcás na gcáiliúchán gairmiúil nua a fhorbairt don Luathfhoghlaim agus do Chúram na Luath-Óige ar leibhéal 5 agus leibhéal 6 don earnáil BOaO. Rinne Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann bailí iad in earrach 2021. Sampla is ea an clár sa Luathfhoghlaim agus Cúram de chlár BOaO a ndearnadh forbairt air i gcomhar le hInstitiúidí Ardoideachais. Leantar ar aghaidh go díreach chuig clár Leibhéal 7 in Institiúid Ardoideachais, rud atá ina thosaíocht straitéiseach ag an BOaO.

Tacaíocht d'Fhoghlaimoírí:

Cuireann BOOÁCDL seirbhísí tacaíochta éagsúla ar fáil d'fhoghlaimoírí ionas go mbeidh taithí níos fearr acu mar fhoghlaimoírí agus lena chinntiú go dtabharfar tacaíocht dóibh lena gcuid spriocanna a bhaint amach. Tá BOOÁCDL tiomanta i dtaobh tacaíochtaí d'fhoghlaimoírí a fheabhsú agus a chur ar fáil i rith an ama, agus don ionchuimsiú gníomhach.

- Is é an BOaO a riar an ciste do scoláirí atá faoi mhíchumas. Cuireadh maoiniú ar fáil leis na seirbhísí agus na tacaíochtaí is tábhachtaí a chur ar fáil do 828 mac léinn atá faoi mhíchumas agus a bhí ar chúrsaí lánaimseartha in 2021.
- In 2020/2021, ceannaíodh 1218 gléas digiteach agus tugadh ar iasacht iad d'fhoghlaimoírí BOaO agus don fhoireann mar chuid de scéim le gléasanna digiteacha a fháil ar iasacht.
- Dá bharr sin, bhí na daoine siúd nach raibh teacht acu ar ghléas sa bhaile in ann páirt a ghlacadh i ndeiseanna ar líne BOaO.
- Cuireadh leis an tSeirbhís um Threoir agus Faisnéis san Oideachas d'Aosaigh i bhFine Gall nuair a earcaíodh Oifigigh Faisnéise bhreise agus treoirchomhairleoir lánaimseartha in oirthuaisceart an chontae, forbairt atá ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha BOOÁCDL.

Oiliúint Foirne agus Forbairt ghairmiúil leantach:

- An Tionscnamh Forbartha Ceannaireachta: Nuair a tháinig an chéad ráig de Covid-19, cuireadh an clár seo ar fáil ar líne agus cuireadh ábhar an chláir in oiriúint chun an brú breise a bhí ar cheannairí de dheasca na paidéime a chur san áireamh. Chuir rannpháirtithe ar an gclár in 2021 in iúl gur tháinig feabhas suntasach ar na hinniúlachtaí móra ceannaireachta go léir, is iad sin an chumarsáid agus neartú caidrimh, daoine eile a threorú agus a forbairt, féinfheasacht agus féinbhainistíocht.
- Tugadh sraith de Cheardlanna Bainistíochta Sonraí do lucht bainistíochta BOaO agus don fhoireann chun cur lena gcumas sonraí a úsáid mar bhonn eolais don phleanáil agus don chinnteoireacht straitéiseach.
- Chuir na Seirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta líon suntasach ceardlann ar fáil ar líne, agus rinne an fhoireann sin forbairt ar acmhainní tacaíochta don fhoireann BOaO, sraith dar teideal “Minding Ourselves in Uncertain Times” san áireamh.

Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach BOaO 2022-2024:

Bhíothas ag súil go ndéanfadh an BOaO in BOOÁCDL an Comhaontú Straitéiseach Feidhmíochta le SOLAS a athnuachan in 2021. Cuireadh an t-athbhreithniú foirmiúil ar an gcomhaontú a bhí ann roimhe seo siar go dtí 2022, áfach, nuair a thiocfar ar chomhaontú nua a chuirfidh leis an timthriall pleanála do Ráiteas Straitéise nua BOOÁCDL.

Suirbhé ar Fhoghlaim BOaO maidir leis an Taithí a bhí acu:

Rinne an t-aonad um dhearbhu cáilíochta suirbhé ar fhoghlaim BOaO i mí an Mheithimh, 2021. D'fhreagair 845 foghlaim BOaO an suirbhé. In ainneoin na paidéime, ba léir go riabh foghlaim BOaO ábalta taithí fhiúntach foghlama a bheith acu. Dúirt 81% acu siúd a ndearnadh suirbhé orthu gur aontaigh siad go láidir nó gur aontaigh siad go raibh a lán deiseanna acu teagmháil a dhéanamh lena múinteoirí/teagascóirí, cé go ndearnadh cuid mhór den teagasc agus den fhoghlaim ar líne go cianda. Ina theannta sin, réachtáladh an Fóram Náisiúnta d'Fhoghlaim BOaO ar líne i mí Dheireadh Fómhair 2021. Fuarthas amach go raibh 92% de na foghlaim BOaO a ghlac páirt san fhóram foghlaim BOaO sásta leis an gcaighdeán teagaisc a fuair siad.

Saoráid agus acmhainní BOaO nua d'Fhine Gall:

Osclaíodh saoráid nua i lár an bhaile i Sord sa samhradh in 2021. Tá sé sin ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha BOOÁCDL cur leis an soláthar BOaO i bhFine Gall. Tá dhá svuít TF agus cúig sheomra ranga mhóra san ionad nua, a bheidh mar chuidiú le freastal ar an éileamh measta ar an BOaO sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma sa réigiún seo, réigiún a bhfuil fás tapa tar éis teacht ar an daonra ann. Earcaíodh Comhordaitheoir breise don Oideachas san Ionad Oibre d'Fhine Gall in 2021. Beidh an duine sin in ann tacú le fostóirí agus le fostaithe leas a bhaint as na deiseanna scilbhisithe atá le fáil ina réimse oibre féin.

Baill Foirne agus Foghlaim BOaO – Aitheantas

Is gá aitheantas a thabhairt as an méid atá déanta agus as an obair chrua a rinne baill foirne BOaO in 2021, agus as na fuascailtí a cuireadh i bhfeidhm - inar léiríodh comhbhá agus a bhí an-chliste in amanna - ionas go rabhthas in ann foghlaim, teagasc agus oiliúint a dhéanamh go leanúnach in ainneoin go raibh cúinsí iontach dúshlánach

ann. Tá aitheantas tuillte ag an bhfoireann agus ag na foghlaimeoirí sa BOaO as an obair chrua a rinne siad agus as an teacht aniar agus as inspreagadh a léirigh siad a d'fhág go raibh bliain rathúil ag an bpobal BOaO in BOOÁCDL in 2021.

Is mian liom buíochas a ghabháil le gach ball foirne agus gach foghlaimeoir sa BOaO.

Cuireadh tús le Tionscnaimh Straitéiseacha eile in 2021:

Conairí d'fhoghlaimeoirí BOaO:

Ghlac an BOaO sa réigiún seo páirt i dTionscadal Píolótach BOaO na Lár-Oifige Iontrála i mí na Samhna 2021 chun cur le hinfheictheacht na gconairí BOaO agus leis na roghanna atá ag lucht fágála na scoile. An cuspóir a bhain leis an tionscadal sin roghanna níos fearr ón Lár-Oifig Iontrála a chur ar fáil do lucht fágála na scoile in 2021/2022. Leis sin a bhaint amach, rinneadh acmhainn iarratais a fhorbairt le haghaidh roghanna BOaO agus printíseachta, acmhainn atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Lár-Oifige Iontrála. Chuir BOaO in BOOÁCDL isteach 38 cúrsa lena gcur san áireamh ar thairseach na Lár-Oifige Iontrála.

An Ciste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú (MAEDF).

Is é is aidhm don deontas seo maoiniú a chur ar fáil chun tacú le foghlaimeoirí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil le gur féidir leo páirt a ghlacadh san Oideachas Aosach agus Pobail. Déanann FET in BOOÁCDL an ciste seo a riar thar ceann SOLAS. In 2021, bhí seacht n-iarratasóir is fiche(27) ann ar éirigh leo breis is dhá chéad tríocha míle euro san iomlán. Chuir sé sin ar a gcumas dóibh ríomhairí glúine a cheannach a cuireadh ar fáil mar chuid de scéimeanna iasachta dóibh siúd nach raibh teacht acu ar

ghléasanna le páirt a ghlacadh san fhoghlaim ar líne.

Athbhreithniú Tosaigh DCCÉ

In 2021, cuireadh tús leis an ullmhúchán don chéad Athbhreithniú a dhéanfaidh BOOÁCDL ar a chórais dearbhairthe cáilíochta sa BOaO. Rinneadh suirbhé ar fhoghlaimeoirí agus ar bhaill foirne. Beidh an suirbhé mar bhonn faoi thuarascáil féinmheastóireachta ina n-aithneofar cleachtas atá éifeachtach, réimsí ar chóir iad a fheabhsú agus deiseanna feabhais don am atá le teacht. Tá an t-athbhreithniú seo ar an gcéad cheann dá leithéid atá á dhéanamh ag painéal seachtrach saineolaithe san earnáil BOaO in Éirinn. Deis iontach atá ann cultúr ardchaighdeáin a fhorbairt a fhágfaidh go mbeidh an taithí is fearr ag foghlaimeoirí BOaO san am atá le teacht ó thaobh na cáilíochta de.

3

Ráiteas Seirbhíse:
Tacaíocht agus Forbairt
Eagraíochta



TACAÍOCHT AGUS FORBAIRT EAGRAÍOCHTA (TFE)

Cuireann Foireann Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta na seirbhísí neamhfhoghlama sin ar fáil atá riachtanach chun cuidiú le hoideoirí agus oiliúnóirí díriú ar sheirbhísí díreacha a chur ar fáil d'fhoghlaimoírí lena chinntiú go mbeidh tréimhse foghlama ardchaighdeán acu.

Tá cúig chroí-roinn ann a chuireann na seirbhísí seo ar fáil. Tá ocht n-aonad fheidhmiúla ann san iomlán agus sainchúram leathan ag gach ceann acu. Tá na haonaid sin riachtanach lena chinntiú go ndéanfar an cód cleachtais do rialachas BOOnna chomhlíonadh agus a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, déanaimid a chinntiú go gcomhlíonann BOOÁC DL na ceanglais faoin réimse fairsing reachtaíochta a imríonn tionchar ar BOOnna.

Oibríonn an Oifig Gnóthaí Poiblí, a fhaigheann tacaíocht ó aonaid fheidhmiúla

uile TFE, le scoileanna agus ionaid chun athbhreithniú agus athmheas a dhéanamh ar dhoiciméid agus cleachtais maidir le rialuithe inmheánacha a thacaíonn le caighdeán agus spiorad an chóid. Táimid tiomanta i gcónaí i dtaobh athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis agus ar chórais ghnó atá cheana ann agus i dtaobh cinn nua a shainaithint le seirbhísí a fheabhsú ar bhonn leanúnach. Ina theannta sin, tá an Roinn Oideachais ag tabhairt faoi thionscadail éagsúla ar bhonn náisiúnta a bhaineann leis an earnáil agus a bhfuil tionchar acu ar BOOÁC DL.

Ós rud é go bhfuil roinn nua ann, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, tá BOOÁC DL in ann caidreamh nua a fhorbairt leis an roinn.

FOIREANN NA BHFOIRGNEAMH

Tá dhá aonad ar leith i Roinn na bhFoirgneamh, is iad sin an tAonad Foirgneamh agus Réadmhaoine agus an tAonad Foirgneamh & Tionscadal Caipitil.

Oibríonn na haonaid seo le chéile le raon seirbhísí a sholáthar le tacú lenár scoileanna agus lenár n-ionaid.

I measc na seirbhísí a chuir an tAonad Foirgneamh agus Réadmhaoine ar fáil in 2021 bhí:

- Tacú leis an bhfoireann theicniúil chun tionscadail chaipitiúla a sholáthar.
- Tacú le hobair cothabhála agus bainistíochta ar na háitribh atá faoi úinéireacht BOOÁCDL nó ar léas ag BOOÁCDL, lena n-áirítear:

ath-idirbheartaíocht a dhéanamh i gcás na léasanna a bhaineann le cuid de na foirgnimh a úsáideann BOOÁCDL úinéireacht réadmhaoine a thabhairt chun críche – aistriú gníomhas

- Comhaontuithe seirbhíse a sholáthar le comhphátrúin ionad spóirt.
- Scéim na nOibreacha Samhraidh.
- Scéim na n-oibreacha éigeandála.

I measc na seirbhísí a chuir an tAonad Foirgneamh agus Tionscadal Caipitil ar fáil in 2021 bhí:

- Cóiríocht shealadach a chur ar fáil i gColáiste Pobail (CP) Chaisleán Cnucha, CP Chaoimhín, agus CP an Ghrífin.
- Cóiríocht shealadach a chur ar fáil do scoileanna nua: CP Fóla agus PSS Danu
- Coláiste Pobail Lusca a sholáthar leis an Roinn Oideachais.
- Comhoibriú ar thionscadail nach tionscadail BOO iad, i Scoil Speisialta Beinín Casa agus i mBunscoileanna agus Meánscoileanna Oideachas le Chéile
- Creat Náisiúnta na Roinne Oideachais don Chóiríocht Shealadach
- Scéim na nOibreacha Samhraidh.
- Scéim na n-oibreacha éigeandála.
- Cúrsaí foirgnimh féinmhaoinithe an BOO.

CÓD CAITEACHAIS PHOIBLÍ

Thacaigh Grúpa Dearbhaithe Cáilíochta BOOÁCDL (Grúpa DC), i gcomhréir le Ciorclán 13/13 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le ciorclán nuashonraithe 18/19, le BOOÁCDL maidir le

tionscadail/cláir chaipitil a bhreithmheas, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú. Tá ceathrar ball sa ghrúpa a fhaightear ón Aonad Bainistíochta Cisteáin & Soláthair, an tAonad Íocaíochtaí, an Oifig Gnóthaí Poiblí agus an Stiúrthóir TFE.

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Lean Roinn na Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh ag tacú leis an eagraíocht

chun a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh sna réimsí seo a leanas:

- Cosaint sonraí, oiliúint leanúnach maidir le feidhmchlár ar líne agus cur i bhfeidhm “Inneall Príobháideachta”.
- Saoráil Faisnéise, - tháinig méadú ar iarratais daoine ar a sonraí le linn na tréimhse.
- Na meáin agus brandáil, aghaidh a thabhairt ar cheisteanna ó scoileanna/ionaid eile nó ón bpobal, aghaidh a thabhairt ar Cheisteanna Parlaiminte (CP).
- Pátrúnacht agus an próiseas dífheistithe.
- Árachas.
- Acht na dTeangacha Oifigiúla - comhlíonadh agus aistriúchán.
- Rialachas corparáideach.
- Bainistíocht beartas.

ACMHAINNÍ DAONNA

Tá dhá aonad sa Roinn Acmhainní Daonna, an tAonad um Sheirbhísí agus Caidreamh Fostaithe agus an tAonad um Bainistiú Oibríochtaí Fostaithe.

Tacaíonn an tAonad um Sheirbhísí agus Caidrimh le Fostaithe le baill foirne BOOÁCDL sna réimsí seo a leanas:

- Riar párolla,
- Riar pinsean,
- Caidreamh foirne,
- Oiliúint agus forbairt foirne.

Bíonn na haonaid sin ag obair i gcomhar a chéile chun tacú le feidhmeannas na nAcmhainní Daonna in BOOÁCDL.

Tacaíonn an tAonad um Bainistiú Oibríochtaí Fostaithe leis an eagraíocht chun a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh sna réimsí seo a leanas:

- Earcaíocht,
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána,
- Bainistíocht asláithreachta,
- Leithdháileadh agus úsáid foirne.

Baill Foirne agus Párolla

Bliain	Líon na bhFostaithe	Costas Párolla
2019	4,036	€143,440,782
2020	3,838	€150,609,050
2021	4,210	Faoi réir iniúchta. Beidh sé le feiceáil ar ár suíomh gréasáin

CÚRSAÍ AIRGEADAIS

Tá dhá aonad sa Roinn Acmhainní Airgeadais, an tAonad Íocaíochtaí agus an tAonad um Bainistiú Cisteáin agus Soláthar.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar sheirbhísí mar chuid de leathadh amach an ghrúpa cobhsaíochta ar chórais SUN Financials le linn na bliana leis an tSeirbhís Gnó Chomhroinnte Oideachais (SGCO). Rinneadh an Córas um Íocaíochtaí faoi Chonradh

a fhorbairt nuair a aistríodh chuig Córas Bainistíochta Airgeadais amháin.

Thacaigh an tAonad Íocaíochtaí le scoileanna agus ionaid chun orduithe ceannaigh agus sonraisc

a phróiseáil don eagraíocht. Úsáideadh an tSeirbhís Gnó Chomhroinnte Oideachais chun na híocaíochtaí a dhéanamh le gach foghlaimoír in ionaid BOaO i gcás WAVE 1 agus bhí siad á bhforbairt i gcás WAVE 2.

Íocaíochtaí le Creidiúnaithe

Cur síos	Luach in 2020	Luach in 2021
Líon na nldirbheart	29,161	31,977
Luach iomlán an chaiteachais neamhphá	€59,959,238.82	Faoi réir iniúchta. Beidh sé le feiceáil ar ár suíomh gréasáin

Íocaíochtaí Foghlaimeoirí

Íocaíochtaí Ionaid Oiliúna

	Líon íocaíochtaí in 2020	Líon íocaíochtaí in 2021
TAPS DN/DW	11,035	
TAPS DS	9,925	
*Printísigh	4,082	5,310
**Foghlaimeoirí	8,177	18,227
IOMLÁN	33,219	23,537

* Íoctar printísigh gach coicís.

** Bhí foghlaimeoirí TAPS ó 2020 i measc na bhfoghlaimeoirí in 2021. Ós rud é go raibh Covid-19 ann, cuireadh cúrsaí ar fáil ar líne agus ní raibh aon íocaíocht le déanamh le foghlaimeoirí do na cineálacha cúrsaí seo.

SDOG/ÓGTHEAGMHÁIL

	Líon íocaíochtaí in 2020	Líon íocaíochtaí in 2021
Socrúchán Oibre CPCC	620	189
Liúntais SDOG	11,493	9,276
Liúntais Ógtheagmhála	11,465	9,851
IOMLÁN	23,578	19,316

Lean an tAonad Bainistíochta Cisteáin & Soláthair ag tacú le scoileanna agus ionaid sna réimsí seo a leanas:

- Baincéireacht,
- Buiséadú,
- Tuairisciú airgeadais,
- Soláthar.

Chuir an tAonad Bainistíochta Cisteáin an méid a leanas ar fáil freisin:

- Tuairisciú airgeadais,
- Éilimh ar CSTE a bhainistiú,
- Iniúchtaí AE, ARCC agus All a chomhordú,
- An ráiteas airgeadais bliantúil a chur i dtoll a chéile.

- Lean an fhoireann soláthair ag tacú le scoileanna agus le hionaid chun earraí agus seirbhísí a sholáthar lena n-úsáid in BOOÁCDL. I measc na seirbhísí a chuireann an tAonad seo ar fáil tá:
 - Earraí agus seirbhísí a fháil ar aon dul le beartais agus nósanna imeachta.
 - Conarthaí a bhainistiú.
 - Idirchaidreamh le BOOÉ, OSR agus SSO i ndáil le creataí náisiúnta.
 - Oiliúint.

Tá BOOÁCDL ag obair i gcónaí lena chuid freagrachtaí go léir maidir le rialacháin soláthair a chomhlíonadh

ANAILÍS AR NEAMHCHOMHLÍONADH

Bliain	Luach
2018	€3,300,102 (Gan CBL san áireamh)
2019	€2,405,596 (Gan CBL san áireamh)
2020	€2,165,111 (Gan CBL san áireamh)
2021	Faoi réir iniúchta. Beidh sé le feiceáil ar ár suíomh gréasáin

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

Tá fás suntasach tagtha ar thábhacht na nAonad Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide mar bhonn faoin riarachán agus rialachas, mar aon leis an teagasc agus foghlaim, mar gheall ar phaindéim Covid-19 go speisialta. D'oibrigh an tAonad TFC i gcomhar le Foireann na bhFoirgneamh chun an trealamh cuí a chur isteach i gcóiríocht nua agus i gcóiríocht shealadach. I measc na seirbhísí agus na dtacaíochtaí a chuireann siad ar fáil tá:

- Bonneagar a shuiteáil agus a bhainistiú.
- Cuntais úsáideora a bhainistiú.
- Conarthaí a bhainistiú.
- Réitigh bhogearraí a chur ar fáil.
- Córais teileafónaíochta a shuiteáil agus a bhainistiú.
- Athshlánú ó thubaiste.
- Slándáil.
- Oiliúint.

ACHOIMRE AIRGEADAIS

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire á chistiú go príomha ag an Roinn Oideachais maidir lena bhunscoileanna agus a scoileanna dara leibhéal.

Cuireann SOLAS agus an Roinn Oideachais cistiú ar fáil do chlár bhreiseoideachais agus oiliúna.

In 2021, fuarthas cistiú le haghaidh tionscadail áirithe ó ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais freisin, lena n-áirítear:

- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ).
- An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS).
- An Roinn Sláinte.
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí.
- An tÚdarás um Ard-Oideachas.
- Comhairle Contae Átha Cliath Theas.
- Comhairle Contae Fhine Gall.
- Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- POBAL.
- Léargas.
- Tusla.

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi réir a iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC). Tráth ar foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil seo do 2021, ní raibh a iniúchadh curtha i gcrích ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Dá bhrí sin, foilseoidh an BOOÁC DL na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá sonraí airgeadais maidir leis an méid seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Táillí neamh-thuarastail a íocadh i leith chomhaltaí an Choiste;
- Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe;
- Sochair iarfhostaíochta;
- Sochair foirceanta;
- Cúiteamh don phríomhfhoireann bainistíochta, más ann dóibh;
- Líon na bhfostaithe a raibh sochair fostaithe iomlána idir €0 agus €59,999 acu;
- Líon na bhfostaithe a raibh sochair fostaithe iomlána idir €60,000 agus €69,999 acu agus laistigh de gach banda pá de €10,000; agus
- An figiúr foriomlán le haghaidh ranníocaíochtaí pinsin fostóirí.

4

Ráiteas Seirbhíse:
Scoileanna



BUNSCOILEANNA

Tá BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina phátrún ar dheich (10) bpobalscoil náisiúnta.

Ainm na Scoile	Suíomh
Scoil Choilm	Baile an Phóirtéaraigh, Baile Átha Cliath 15
Scoil Ghráinne	Baile Fiobail, Baile Átha Cliath 15
Scoil Chormaic	Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath
S.N.P. Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard	Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24
S.N.P. Aoife	Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24
S.N.P. Leamhcáin	Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath
P.S.N. Ghleann na hAbhann	Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
P.S.N. an Mhóinéir Leathain	Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
Scoil Speisialta Phobail Danu	Cluain Aodha, Baile Átha Cliath 15
P.S.N. Thamhlachta	Ascaill Choill an Chláir, Tamhlacht

Tá baint BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire leis an mbunoideachas ina dúshlán agus ina deis ag an am céanna. Tá uileghabhálacht na bpobalscoileanna náisiúnta ar cheann dá saintréithe. Mealltar leanaí ó gach cúlra chuig Pobalscoileanna Náisiúnta de bharr gur maith is eol go bhfaighidh siad oideachas ar ardchaighdeán, a ullmhóidh iad do shaol i sochaí ilchreidmheach, ilchultúrtha i ndiaidh na scoile.

Amhail gach bunscoil, cloíonn pobalscoileanna náisiúnta le curaclam

náisiúnta na bunscoile (ROS, 1999). Bíodh sin mar atá, tá ‘an t-éiteas’ nó ‘an sainspiorad’ ina ngné uathúil den mhúnla. Tá sainspiorad na pobalscoile náisiúnta bunaithe ar chúig chroí-threoirphrionsabal:

Barr Feabhais san Oideachas

Maidir le ‘Barr Feabhais san Oideachas’, faigheann do leanbh oideachas leanbhhlárnach a fhreastalaíonn ar na riachtanais intleachtúla, fhisiciúla, chultúrtha, mhorálta agus spioradálta atá aige. Beidh scoth na múinteoirí ag do leanbh, a chuirfidh dúshlán faoi ar a

leibhéal féin agus a threoróidh an fhoghlaim ar bhealach atá oiriúnach dá riachtanais aonair. Rachaidh na leanaí i bpobalscoileanna náisiúnta tríd an gcuraclam ar na bealaí is nuálaí, is spreagúla, rud a mhúsclóidh dúil sa léann ann.

Cúram

Cuirtear timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta slán ar fáil inár scoileanna ina gcothaítear braistint chómhuintearais i bpobal na scoile agus sa tsochaí i gcoitinne. Déanann siad a ndícheall cuidiú le gach scoláire chun barr a gcumais a bhaint amach, beag beann ar ghné ar bith dá bhféiniúlacht nó dá gcúlra. I bpobalscoil náisiúnta, foghlaimíonn leanaí i dtimpeallacht ina gcothaítear folláine agus forbairt phearsanta.

Comhionannas

I bpobalscoileanna náisiúnta, tugtar comhdheiseanna do na scoláirí go léir chun clárú ar aon dul leis an Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018. Nuair a chláraíonn scoláire linn, déanann ár scoileanna a ndícheall chun comhdheiseanna a chur ar fáil do na scoláirí go léir chun a bheith rannpháirteach sa churaclam agus i saol na scoile. Caitear go cothrom le gach duine inár bpobail scoile i ngach gné de shaol na scoile, beag beann ar a gcine, a n-inscne, a reiligiún/gcreideamh, a n-aois, a stádas teaghlach, a stádas sibhialta, ballraíocht

den Lucht Siúil, a ngnéaschlaonadh, a gcumas nó a stádas socheacnamaíoch.

Pobal

Baineann leanaí a fhreastalaíonn ar phobalscoileanna náisiúnta leas as timpeallacht scoile ina spreagtar tuismitheoirí chun páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile agus baineann siad tairbhe as an tacaíocht agus an saineolas a fhaigheann siad sa phobal i gcoitinne. Bainfidh do leanbh leas as na hacmhainní atá ar fáil sa phobal le cur lena eispéireas oideachasúil chomh maith. Feicfidh na leanaí a fhreastalaíonn ar PSN chomh maith go dtabharfar deiseanna oideachais aosaigh dá dtuismitheoirí tríd an scoil agus tríd an BOO.

Meas

Cuireann ár scoileanna oideachas atá iomlán uileghabhálach chun cinn, lena n-aithnítear iolracht fhéiniúlachtaí, creidiúintí agus luachanna na scoláirí, na dtuismitheoirí agus na mball foirne. Déanaimid ár ndícheall chun saoránaigh fhreagracha a chur amach a bhfuil intinn oscailte acu, atá tuisceanach ó thaobh cultúir de agus a bhfuil tuiscint láidir acu ar luachanna comhroinnte.

Tá dlúthbhaint idir na cúig bhunluach sin agus nuair a thógtar le chéile iad tá siad uathúil do phobalscoileanna náisiúnta.

Líon ar Rollaí i Scoileanna Náisiúnta Pobail, 2020/2021	
Scoil	2020/2021
Scoil Choilm	880
Scoil Chormaic	459
Scoil Ghráinne	648
Iarthar na Cathrach agus Teach Sagard	456
Scoil Aoife	330
P.S.N. Leamhcáin	320
An Móinéar Leathan – Sord Thuaidh	43
Gleann na hAbhann – Sord Theas	66
Scoil Speisialta Danu	31
P.S.N. Thamhlachta	69
Iomlán	3,302

Sa bhreis ar phobalscoileanna náisiúnta, tá BOOÁCDL ina phátrún ar scoileanna cúraim speisialta chomh maith..

Cuireann na scoileanna cúraim speisialta seo oideachas ar fáil mar chuid de chontanam de chúram Stáit a chuirtear ar fáil do leanaí agus daoine óga. Bíonn na daoine óga a gcuirtear chuig na scoileanna sin idir 11 agus 17 mbliana d'aois, bíonn siad an-leochaileach, agus an-dúshlánach uaireanta, agus bíonn próifílí síceolaíocha agus socheolaíocha casta acu.

Is é is aidhm leis an socrúchán scoile cúraim speisialta ná clár tacaíochta agus foghlama saincheaptha a sholáthar lena gcuirfead ar chumas an linbh/duine óig staid sheasmhach a bhaint amach agus bogadh ansin go dtí socrúchán nach bhfuil chomh daingean sin, bunaithe ar na riachtanais a mheastar atá ag an leanbh/duine óg sin.

Déanann BOOÁCDL foráil do shainchláir oideachais do na scoláirí sin, lena chinntiú go mbeidh a socrúchán gearrthéarmach um dhul chun cinn oideachais ina chuidiú le tuilleadh forbartha a dhéanamh i gcomhréir

leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochta, nuair a fhágfaidh an scoláire an socrúchán sin.

Líon ar Rollaí i Scoileanna Sainchúraim, 2020/2021	
Scoil	2020/2021
Crannóg Nua	14
Baile Uí Dhúda	10
Iomlán	24

Baineann ár bpobalscoileanna náisiúnta agus ár scoileanna cúraim speisialta tairbhe as bheith ina gcuid de BOOÁCDL tríd an líonra tacaíochta príomhoidí, atá á eagrú ag Nichola Spokes, Stiúrthóir na Scoileanna. Tacaíonn an Rannóg Airgeadais, an Rannóg AD, an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus an Rannóg TFC uile lenár bpobalscoileanna náisiúnta agus scoileanna cúraim speisialta a mbaineann buntáiste shuntasach as na tacaíochtaí sin.

Sa bhreis ar na tacaíochtaí sin, cuidítear le scoileanna trí ionduchtú múinteoirí, cláir cheannaireachta do mhúinteoirí (CCM), litearthacht teanga agus uimhearthacht, oideachas speisialta, teagasc agus foghlaim le cuidiú na teicneolaíochta, clár um múinteoirí agus ceannaireacht, cigireacht agus féinmheastóireacht scoile, tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta, agus Béarla mar theanga bhreise, chomh maith le cláir forbartha agus tacaíochta ceannaireachta do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí.

Cuirtear oiliúint agus tacaíocht ar fáil freisin le ceapadh beartais agus rialachas trí obair

agus oiliúint leanúnach leis na Boird Bainistíochta agus lucht bainistíochta scoile.

Ó thús na bliana acadúla 2020-2021, chuir BOOÁCDL tacaíocht agus treoir ar fáil ar fud na hearnála lena chinntiú go mbeadh scoileanna agus ionaid in ann oscailt go sábháilte arís i gcomhréir le treoirlínte Covid-19. I rith na tréimhse ama sin, lean BOOÁCDL ar aghaidh ag tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil don fhoireann sa chianfhoghlaim agus cianteagasc. Nuair a d'fhill scoileanna ar an gcianteagasc agus ar cianfhoghlaim i mí Eanáir 2021, d'oibrigh BOOÁCDL le scoileanna agus ionaid chun cur leis an forbairt ghairmiúil leanúnach a fuair an fhoireann sa dóigh is gur tugadh tacaíocht do gach foghlaimeoir ina chuid foghlama agus rannpháirtíochta san oideachas fad a bhí na scoileanna dúnta.

Rinneadh pobail chleachtais a fhorbairt sna hearnálacha éagsúla le linn 2019-2020 chun tacú leis an gcianteagasc agus cianfhoghlaim. Tugadh tuilleadh tacaíochta dóibh i rith 2020-2021, rud a d'fhág go raibh

leanúnachas ag baint le struchtúr na ghairmiúil leanúnach ar fáil anois dá bharr, gceachtanna agus cur i láthair an sna scoileanna náisiúnta pobail agus churaclaim sna scoileanna éagsúla. Tá scoileanna sainchúraim.. struchtúr tacúil foghlama don Fhorbairt

IAR-BHUNSCOIL

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina phátrún ar 31 iar-bhunscoil agus cuirfidh réimse seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do na scoileanna sin, amhail seirbhísí agus tacaíochtaí airgeadais, acmhainní daonna, tógála, cothabhála agus oideachasúla.

Tá na Coláistí Pobail de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina gcuid dhílis den saol ina bpobail áitiúla. Tá cur chuige cuimsitheach acu agus cuidíonn siad le daoine óga barr a gcumais a bhaint amach sa tsochaí. Cuireann siad ar chumas daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh oideachais de i dtimpeallacht dhearfach, spreagúil. I measc na gclár atá á soláthar inár gcoláistí pobail tá:

- An tSraith Shóisearach
- Scoileanna Sraithe Sóisearaí
- An Idirbhliain
- An Ardteistiméireacht

- An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta

Tá réimse iomlán ábhar, lena n-áirítear teangacha, na daonnachtaí, na healaíona, teicneolaíochtaí agus eolaíocht, á múineadh sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach araon. Spreagtar scoláirí chun páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile lena n-áirítear gníomhaíochtaí seach-churaclaim cosúil le drámaíocht, ceol, díospóireacht agus spórt.

D'fhonn na caighdeáin teagaisc agus foghlama is airde ar fad agus an t-eispéireas oideachasúil is fearr is féidir a chinntiú dá scoláirí agus mic léinn, cuirfidh BOOÁC DL tacaíochtaí ar fáil do na scoileanna uile maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, Ionduchtú Múinteoirí, an Clár Ceannaireachta do Mhúinteoirí (CCM), an Clár um Cheannaireacht Láir (CCL), Lítearthacht agus Uimhearthacht, Oideachas Speisialta, Teagasc agus Foghlaim le Cuidiú na Teicneolaíochta, Cigireacht agus Féinmheastóireacht Scoile, Tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta, Béarla mar Theanga

Bhreise, chomh maith le Clár Forbartha agus Tacaíochta Ceannaireachta do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus dóibh siúd a bhfuil poist mheánbhainistíochta acu. Le hobair forbartha, tugtar tacaíocht don dea-chleachtas ó thaobh teagasc agus foghlaim ionchuimsitheach a fheabhsú ar gach leibhéal ar an gContanam Tacaíochta le haghaidh gach dalta, iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta bhreise oideachais acu san áireamh. Bíonn cruinnithe go rialta ag líonraí gairmiúla comhoibríocha arb é is aidhm dóibh tacú le pleanáil do riachtanais speisialta bhreise oideachais agus pleanáil DEIS, mar aon le cuairteanna ar scoileanna. Reáchtáiltear ceardlanna agus forbairt ghairmiúil leanúnach le deiseanna a thabhairt d'fhoirne scoileanna an dea-chleachtas a scaipeadh agus a fhorbairt. Leis an obair forbartha le haghaidh riachtanais speisialta bhreise oideachais agus DEIS, tugtar tacaíocht do scoileanna chun straitéisí scoile uile a chruthú chomh maith le comhairle lena bpleanáil a chur i bhfeidhm.

Le forbairt an Bhéarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE), cuirtear tacaíocht ar fáil don eagraíocht ó thaobh forbairt teanga de i gcás mic léinn/foghlaiméoirí i ngach suíomh ar de bhunadh na himirce iad. 3 phríomhghníomhaíocht atá i gceist leis an tacaíocht sin: úsáidtear triail socrúcháin oiriúnaitheach Cambridge English, atá ar líne, le haiseolas a thabhairt do mhic léinn maidir leis an leibhéal teanga atá acu (a chuirtear i gcomparáid le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha) chun tacú leo agus iad ag aistriú san eagraíocht agus dul chun cinn a

dhéanamh, agus ar aghaidh ansin amach anseo chomh maith (foghlaim ar feadh an tsaol). Mar chuid den tacaíocht tá oiliúint múinteoirí ar fáil do mhúinteoirí ábhair meánscoile (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha - BCTE) agus do mhúinteoirí an Bhéarla mar Theanga Bhreise agus múinteoirí BCTE. Ionad scrúduithe údaraithe ar son Cambridge English is ea BOOÁCDL. Reáchtáiltear scrúduithe ar 3 leibhéal de Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (A2, B1 agus B2) i mBealtaine agus Meitheamh do dhaoine fásta agus iarrthóirí ó scoileanna. Tá príomhionad scrúduithe BOOÁCDL suite i nGeata Thuain, Tamhlacht.

Tugtar tacaíocht do scoileanna tríd an gClár Ceannaireachta do Mhúinteoirí i gcás na dtionscadal a dtugann siad fúthu mar chuid den chlár sin. Tugann Comhordaitheoir Éitis tacaíocht do scoileanna agus iad ag obair chun Creat Éitis nua BOaO a chur i bhfeidhm. Bíonn an duine sa ról sin ag obair go dlúth le foirne agus le bainistíocht scoileanna leis na tacaíochtaí agus na hacmhainní a theastaíonn a chur ar fáil. Bíonn an duine ag obair chomh maith i gcomhar le BOaOnna eile, le BOOÉ agus le OCBÁC.

Clár deimhnithe bliana atá sa Chlár um Cheannaireacht Láir dóibh siúd a bhfuil post acu mar Phríomhoide Cúnta I agus II. Is é is aidhm dó deiseanna éagsúla forbartha gairmiúla leanúnaí a fhorbairt agus a sholáthar do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus fostaithe BOOÁCDL, mar shampla, an clár ionduchtúcháin do mhúinteoirí, féinmheastóireacht scoile agus pleanáil,

folláine/meabhairshláinte agus forbairt phearsanta, etc.

Tugann BOOÁCDL tacaíocht d'Fheachtais Phátrúnachta chomh maith le hiad a chomhordú. Bítear ag obair i gcomhar le ranna, scoileanna agus ionaid eile de chuid BOOÁCDL chun imeachtaí agus cláir éagsúla a chur chun cinn agus le feachtas faoin mbranda a fhorbairt. Tá BOOÁCDL ag obair ar Straitéis do na Meáin Shóisialta agus Dhigiteacha. An Fhoireann um Straitéis do na Meáin Dhigiteacha atá taobh thiar den obair sin.

De bhreis ar an tacaíocht thuasluaite, cuirfear tacaíocht ar fáil freisin le ceapadh beartais agus rialachas ach oibriú ar bhonn leanúnach le Boird Bhainistíochta agus foirne bainistíochta scoile, agus oiliúint a chur orthu.

Ar phríomhréimse oibre le scoileanna sa bhliain 2021/22 beidh tacaíocht leanúnach a chur ar fáil trí Sheirbhís Tacaíochta Síceolaíochta BOOÁCDL. Tá an tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta ar fáil do scoláirí agus mic léinn in iar-bhunscoileanna, ionaid ógtheagmhála agus earnálacha ina soláthraítear Breisoideachas, agus do bhaill foirne de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Tugann an tSeirbhís tacaíocht ghearrthéarmach agus soláthraíonn tacaíochtaí síceolaíochta leathana d'úsáideoirí na Seirbhíse arna iarraidh sin ag an scoil/ionad. Éascaíonn an tSeirbhís atreorú scoláirí agus mac léinn chuig

sainghníomhaireachtaí eile a oireann dá gcuid riachtanas. Cuimsítear le ról na Seirbhíse Tacaíochta Síceolaíochta ionchur sainiúil i réimsí an taighde agus na hoiliúna agus i dtionscnaimh de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar leibhéal córasach.

DIGITAL CONNECT BOOÁCDL – 'DAOINE A NASCADH CHUN AN FHOGHLAIM A FHEABHSÚ'

Cumasaíonn ardáin thacaithe BOOÁCDL cumarsáid agus comhoibriú níos fearr i ngach comhthéacs de chuid BOOÁCDL.

Thacaigh agus d'fhorbair oiliúint foirne i ngach earnáil de BOOÁCDL faoi 'Thionscadal Digital Connect' le rannpháirtíocht foirne i ngach ardán tacaithe de chuid BOOÁCDL a bhaineann lena n-earnáil. Ailíníonn agus tacaíonn tacaíocht fhíorúil All Digital le 'Straitéis FCT BOaO 2106-2019' agus 'Straitéis Dhigiteach 2ú Leibhéal 2015-2020.'

Tacaíocht láraithe d'fhoghlaimoirí trí sheisiúin éagsúla pobail foghlama, a bhíonn idir idirghníomhach agus tarraingteach. Tacú le húsáid ardán tacaithe de chuid BOOÁCDL, eadhon Seesaw, Microsoft 365 agus Moodle.

Foireann BOOÁCDL a nascadh tríd an bhFoireann Chianfhoghlama, fíis faoin gcaoi ar féidir le cumarsáidí fíorúla cleachtais deacrachtaí maidir le suíomh agus am a shárú. Tá cinntithe ag an

bhfoireann seo go roinntear an cleachtas fíorúil is fearr ar fud BOOÁCDL gan teorainn. Níl teorainn leis na féidearthachtaí a bhaineann le naisc fhíorúla den sórt sin.

Cinntítear nascacht fheabhsaithe trí chuntas Microsoft 365 a thabhairt do gach foghlaimeoir. Cinnteoidh cuntas aonair d'fhoghlaimeoirí, a bheidh siad in ann a úsáid dá gcuid uirlisí fíorúla go léir, go mbeidh an teicneolaíocht cuíchóirithe agus go mbeidh gach foghlaimeoir in ann rochtain uirthi beag beann ar a chumas, a scileanna nó a riachtanais. Tosaíocht de chuid BOOÁCDL é rochtain chothrom a thabhairt do gach foghlaimeoir.

Bealach iad ardáin nasctha do BOOÁCDL foghlaim dhigiteach ar feadh an tsaoil a chur chun cinn leis na bealaí seanbhunaithe foghlama fisiciúla atá ar fáil cheana féin a fheabhsú. Is féidir aistear foghlaimeora a nascadh anois le comhthéacsanna éagsúla ar fud BOOÁCDL.

Tugann Microsoft 365 deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, nascacht ar fud eagraíochta agus deis do gach ball foirne agus foghlaimeoir dul i dtaithe ar ardán foghlama a fheabhsaíonn a saol agus a dtaithe gairmiúla.

Mar chuid de Thionscadal Digital Connect chomh maith le cur i bhfeidhm an Chreata Straitéise Digití in 2021, bhaineamar na héachtaí seo a leanas amach: -

- Ainmníodh scoil BOOÁCDL mar 'Apple Distinguished School'.
- Bronnadh an Duais Eorpach do Scoileanna Digiteacha ar scoil DEIS eile (scoil amháin as cúig cinn ar fad in Éirinn)
- Bhí scoil de chuid BOOÁCDL ar an gcéad scoil DEIS sa chontae a bhain amach stádas mar scoil ina mbeidh gléas ag gach dalta, scéim arna seoladh ag an Taoiseach, Micheál Martin.

Líon ar Rollaí in Iar-Bhunscoileanna, 2020/2021		
Scoileanna:	2ú Leibhéal	IAT iarbhír
C.P. Bhaile Adaim	953	
C.P. Ard Giolláin	988	
C.P. Bhaile Brigín	640	
C.P. Chaisleán Cnucha	1,217	
Coláiste Chillian	433	
Coláiste Cois Life	715	
Coláiste de hÍde	297	
Coláiste Pobail Setanta	1,053	
C.P. Pháirc Bhaile Choilín	586	45
Coláiste Pobail Fóla	238	
C.P. Ráth an Deagánaigh	344	47
C.P. Dhomhnach Bat	804	
CP Ériu	79	
C.P. Fhine Gall	876	
C.P. Theach na Giúise	805	
Gaelcholáiste Reachrann	498	
C.P. na Gráinsí	394	54
Coláiste na nGlaschnoc	162	180
C.P. an Ghrífín	286	
C.P. Choill an Rí	870	
An Chiseog	914	
C.P. Leamhcáin	926	
C.P. Lusca	780	
C.P. Bhaile Lotrail	960	
C.P. Mhóin Seiscinn	327	
Rath Dara CC	234	
C.P. na Sceirí	1003	
C.P. Fhinnéin	642	
C.P. Chaoimhín	373	
C.P. Shoirid	579	
C.P. Mhic Dhara	847	
Iomlán	19,823	326

5

Ráiteas Seirbhíse:
Seirbhísí Eile



AN TSEIRBHÍS FORBARTHA ÓIGE AGUS SPÓRT

Clár Foghlama Malartach

Tá an **Clár Foghlama Malartach** (ALP) forbartha ag BOOÁC DL toisc gur aithníodh easpa deiseanna a bheith ar fáil do dhaoine óga faoi bhun 16 bliana d'aois nach bhfuil i mbun oideachas foirmiúil faoi láthair. Is iomaí cúis a thugann ar scoláire an scoil a fhágáil go luath, agus is minic nach bhféadfaidh an córas reatha freastal ar riachtanais éagsúla na ndaoine óga sin.

Tá an clár á reáchtáil i gcúig suíomh ar fud Limistéar Riaracháin BOOÁC DL faoi láthair

- Dún Laoghaire
- Sord
- Tamhlacht
- Cluain Dolcáin
- Baile Brigín

<https://www.ddletb.ie/wp-content/uploads/2019/05/Youth-ALP-Revised-Booklet-2018.pdf>

Ghlac 42 duine óg páirt sa chlár idir Eanáir agus Nollaig 2021.

Aithníodh na riachtanais speisialta oideachais seo a leanas: neamhord de chuid speictream an uathachais, Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnamh Airde, disléicse, diospraicse, an dúlagar imní, neamhord mothúchánach iompraíochta, féindochar, deacrachtaí ginearálta foghlama.

Tá oifigeach óige agus oifigeach sinsearach óige de chuid BOOÁC DL ann, chomh maith le múinteoir agus beirt teagascóirí pháirtaimseartha de chuid BOOÁC DL, a chuireann tacaíocht ar fáil don Chlár Foghlama Malartach. Cuireann

foireann Óige BOOÁC DL cláir um obair dhíreach ar fáil do spriocghrúpaí daoine óga faoin Scéim UBU chomh maith le cláir thacaíochta agus chomhpháirtíochta a chur ar fáil do ghrúpaí agus soláthraithe eile a chuireann seirbhísí ar fáil don aos óg.

Ionaid Spóirt Dhá Fheidhm

Déanann an tSeirbhís Forbartha Óige agus Spóirt sé ionad spóirt dhá fheidhm a bhainistiú ar fud limistéir riaracháin Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus Chomhairle Contae Fhine Gall. Tá na hionaid sin suite i gceantair atá go mór faoi mhíbhuntáiste. Tá siad suite i mBaile Phámar, Cill an Ardáin, Teach na Giúise, Baile Choilín, Baile Fiobail agus Baile Brigín.

D'fhreastail 246,432 duine ar na hionaid i gcaitheamh na bliana 2021. Bhí an leibhéal sin níos ísle ná an bhliain roimhe sin ós rud é go raibh tionchar ag na Bearta Sláinte Poiblí mar gheall ar Covid-19 ar oibríochtaí na n-ionad. Bíonn foirne na n-ionad ag obair le grúpaí áitiúla spóirt, pobail agus deonacha.

Clár d'Oifigigh sa Spóirt don Óige

Tá triúr Oifigeach Spóirt ag BOOÁC DL atá ag feidhmiú ar fud Limistéar Riaracháin BOOÁC DL. Mar chuid den chlár, tá na nithe seo a leanas:

- Ceardlanna spóirt a chur i láthair do dhaoine óga
- Conairí Spóirt (blas-seisiún)
- Soláthar Samhraidh
- Soláthar ar Líne don Ghníomhaíocht Coirp agus Seisiún 'Tóg 30'
- Tacaíocht ar leith ar líne

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN

LAOGHAIRE.

- Leabharlann Trealaimh Spóirt agus tacaíocht do ghrúpaí óige agus grúpaí deonacha
- Seisiúin treodóireachta le haghaidh óga spriocdhírthe
- 47 seirbhís/tionscadail don óige agus iad ag obair le thart ar 19,080 duine óg
- 350 club deonach cláraithe agus iad ag obair le 4,636 duine óg

Fíricí agus Figiúirí

Tionscadail agus Seirbhísí Óige atá i bhFeidhm laistigh de BOOÁCDL

	Tamhlacht	Cluain Dolcáin	Baile Bhlainséir	Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh
Crosscare	1	7		3	3
Foróige	3		4	1	
Neamhspleách	6	5	4	6	1
CCDLRD				2	
CCÁCT	4	1			

Scéim Deontais do Chlubanna Óige Deonacha Áitiúla

Dún Laoghaire (12)	Ráth an Dúin (7)	Tamhlacht (13)
Cluain Dolcáin (7)	Baile Bhlainséir (9)	Tuaisceart an Chontae (17)

AN TSEIRBHÍS TACAÍOCHTA SÍCEOLAÍOCHTA (STS)

Bhí tionchar fós ag paindéim Covid-19 le linn 2020. Fágadh na hoiriúintí a úsáideadh roimhe mar a bhí agus coinníodh iad le go mbeadh éifeachtúlacht sa tseirbhís a cuireadh ar fáil.

Tá an tSeirbhís um Thacaíocht Síceolaíochta ar fáil do scoláirí i Scoileanna Dara Leibhéal, Ionaid Ógtheagmhála agus earnálacha Breisoideachais a thagann faoin choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Cuirtear réimse leathan tacaí síceolaíochta ar fáil mar fhreagra ar iarrataí ó scoileanna agus ó ionaid. Ina theannta sin, tairgeann an tSeirbhís tacaíocht ghearrthéarmach do bhaill foirne atá ag obair le BOOÁCDL. Ar leibhéal sistéamach, bíonn an tSeirbhís um Thacaíocht Síceolaíochta ag gabháil do thaighde, oiliúint agus tionscnaimh de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

Scóip

Cuirtear an tseirbhís ar fáil i gcomhréir leis na hacmhainní atá ar fáil.

Bíonn idirghabhálacha na foirne dírithe ar na bearta seo a leanas:

- Tacaíocht a thabhairt do scoláirí go díreach agus go hindíreach.
- Measúnú agus idirghabháil theiripeach a úsáid chun na deacrachtaí iompraíochta,

inspreagtha, mothúchánacha agus cogaíochta atá ag daoine a réiteach.

- Obair choisctheach le spriocghrúpaí.
- Tacaíocht ghairmiúil don fhoireann teagaisc, m.sh., comhairliúchán.
- Oiliúint inseirbhíse i réimsí éagsúla.
- Tacaíocht do bhaill foirne.

Bearta Samplacha

Chuaigh thart ar 806 ball foirne i dteagmháil leis an tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear comhairliúchán, oiliúint inseirbhíse agus tacaíocht. Chuathas i ngleic le riachtanais tuairim is 224 foghlaimoir trí idirghabhálacha aonair nó grúpa. Bhain 1500 tuismitheoir leas as seimineár gréasáin tuismitheoireachta inar díriodh ar imní mar ábhar. Bhí an tSeirbhís ag comhoibriú arís le gníomhaireachtaí seachtracha amhail an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, BOOÉ agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Samplaí dá bhfuil Bainte Amach

- Úsáideadh oiriúnaithe a forbraíodh le linn na paindéime nuair a fuarthas iad a bheith níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Baineadh feidhm as

timpeallachtaí ar líne le haghaidh cineálacha áirithe oibre:

- Seimineáir Ghréasáin
 - Obair aonair
 - Comhairliúcháin.
- Eagraíodh agus rinneadh éascaíocht ar sheimineár gréasáin dar teideal “Helping Your Child to manage Anxiety” le haghaidh tuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar scoileanna BOOÁC DL agus ionaid Ógtheagmhála. Ghlac 1,500 duine páirt air sin ar líne.
 - Rinneadh tuilleadh forbartha ar an gClár *Changing Minds* agus cuireadh ar fáil é (idirghabháil do dhaoine fásta agus do dhéagóirí don mheabhairshláinte, do scoláirí agus baill foirne):
 - Rinneadh an t-ábhar tacaíochta a fheabhsú, oiliúint thaifeadta san áireamh
 - Sleamhnáin PowerPoint
 - Pleananna le haghaidh seisiúin den chlár pólótach agus ábhar le haghaidh grúpaí foghlaimoírí.
 - Tacaíocht Mhéala
 - Oiliúint sa Gharchabhair Shíceolaíoch
- Ceardlann maidir leis an Neamhord ar Speictream an Uathachais
 - Oiliúint san Idirdhealú
 - Clár Saibhriúcháin Ionstraimeach Feuerstein don fheabhsú cognaíoch a chur ar fáil.
 - Oiliúint do bhaill foirne sa Tástáil Chaighdeánaithe.
 - Tugadh tacaíocht do líonra na dtreoirchomhairleoirí.
 - Moltaí meabhairshláinte do bhaill foirne BOOÁC DL san eagraíocht ar fad.

Seo sampla den obair ar tugadh fúithi agus an tSeirbhís ag aistriú ar ais chuig an obair ar an láthair, chomh maith le seirbhísí a chur ar fáil ar líne san am céanna de réir mar ba chúí. Bhí cuid de na hidirghabhálacha a cuireadh ar fáil inrochtana do bhaill uile eagraíocht BOOÁC DL. Bhí méid suntasach oibre i gceist ó thaobh taighde, ullmhaithe agus soláthair de i gcás go leor de na tionscnaimh thuasluaite, lena n-áirítear an seimineár gréasáin ‘Helping your child manage anxiety’, moltaí Sláinte agus Folláine agus Garchabhair Shíceolaíoch.

PRÍOMHEAGRAÍOCHTAÍ A BHFUIL CAIDREAMH AGAINN LEO

Choinnigh BOOÁCDL comhpháirtíochtaí láidre in 2021 le réimse comhlachtaí oideachais agus le gníomhaireachtaí a thacaíonn le forbairt curaclaim agus leis an bhforbairt ghairmiúil. Áiríodh leis sin, nascadh leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus Foireann na Sraithe Sóisearaí.

Lean BOOÁCDL ag obair i dtreo a thosaíochtaí (Spríoc Straitéiseach 4.2) maidir le líonrú straitéiseach agus comhpháirtíochtaí leis na príomhpháirtithe leasmhara. I measc na bpáirtithe leasmhara tá comhlachtaí reachtúla agus poiblí, údaráis áitiúla agus daoine eile a chuireann oideachas agus oiliúint ar fáil, lena n-áirítear eagraíochtaí tathanta, grúpaí pobail, grúpaí neamhbhrabúis, grúpaí deonach agus grúpaí óige. Tá comhpháirtíochtaí straitéiseacha ag BOOÁCDL le fostaithe agus líonraí fiontraíochta áitiúla chun tacú le cláir uasoiliúna agus athoiliúna agus chun iad a éascú don mhargadh saothair áitiúil/réigiúnach, lena n-áirítear tacaíochtaí d'fhostaithe printíseach.

D'éirigh an fhoghlaim dhigiteach ina cuid fhíorthábhachtach dár saol in 2021. D'oibrigh BOOÁCDL le saineolaithe an tionscail agus phléigh sé le saineolas ar an

tionscal chun tacú le teagasc agus foghlaim faoin na tionscadail agus/nó tionscnaimh seo a leanas:

a) Comhoibriú agus foghlaim dhigiteach tríd an 'Tionscadal Microsoft Connect' agus H2 Learning - ag tacú le 5 scoil DEIS in BOOÁCDL chun inlíon inmheánach a dhearadh do bhaill foirne, agus tacú leis, chomh maith le timpeallacht fhíorúil foghlama (TFF) chun tacú le teagasc agus foghlaim.

b) Foghlaim dhigiteach agus comhoibriú trí ainmniú BOOÁCDL ag Apple mar Ionad Oiliúna Réigiúnach - ag tacú le seisiúin FGL fhíorúla rialta do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimoírí ar fud BOOÁCDL.

c) Foghlaim dhigiteach agus comhoibriú lenár gcomhpháirtí straitéiseach 'Wriggle' - ag tacú leis an Tionscadal Connect 1 le 1 lena ndéantar na gnéithe lóistíochta agus riaracháin uile d'úsáid 1 le 1 a lárú.

d) Foghlaim dhigiteach agus comhoibriú le scoileanna 'Big Picture' i dtionscadal ERASMUS chun iniúchadh a dhéanamh ar shamhlacha foghlama malartacha ar fud an domhain.

Chomhoibrigh BOOÁCDL le comhpháirtithe Eorpacha ar thionscadail teanga freisin tríd an **Lárionad Eorpach um Nuatheangacha**, Graz, an Ostair. In 2021/22, d'oibrigh an bord i gcomhar le

Teangacha Iar-Bhunscoile Éireann ar thionscadal dar teideal ‘An Intercultural Look at our Schools’. Leagan oiriúnaithe logánaithe atá ann de thionscadal de chuid an Lárionaid Eorpaigh um Nuatheangacha a raibh BOOÁCDL agus Teangacha Iar-Bhunscoile Éireann páirteach ann dar teideal ‘A roadmap for schools to support the language(s) of schooling’ (2017-2019). Is institiúid de chuid Chomhairle na hEorpa í ECML a chuireann sármaidheas in oideachas teanga chun cinn ina ballstáit. Nuair a chríochnófar tástáil an tionscadail, cuirfear ar fáil é do gach iar-bhunscoil ó mhí Mheán Fómhair 2021.

Tá BOOÁCDL ina ionad scrúdaithe Údaraithe do Scrúduithe **Béarla** de chuid **Cambridge Assessment**. Cuireann an caidreamh sin saineolas ar fáil ar réimsí an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe i ndáil leis an mBéarla. Maidir le scoláirí ó chúla imirceach a fhreastalaíonn ar iar-bhunscoileanna, Ógtheagmháil, Ionaid Oiliúna Speisialta agus Coláistí Breisoideachais, is féidir measúnú a dhéanamh orthu de réir mar is gá trí thairseach um Thriail Socrúcháin Béarla ar líne Cambridge a bhfuil BOOÁCDL údaraithe chun í a riar.

San obair a rinneadh mar pháirtí leasmhar in 2021, áirítear obair a rinneadh i gcomhar leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an Roinn Oideachais, an Roinn

Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus le SOLAS, agus tuairisciú chucu sin. Rinneadh an méid sin ar fud na gclár agus na seirbhísí ar fad: scoileanna, breisoideachas agus oiliúint, agus cláir agus seirbhísí don óige. Leanadh leis an gcomhaontú idirghníomhaireachta idir BOOÁCDL agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí in 2021 chun deiseanna oideachais agus oiliúna a chur ar fáil do dhaoine nach bhfuil gníomhach sa mhargadh saothair.

Lean BOOÁCDL lena chuid oibre mar pháirtí leasmhar a rannchuidigh le forbairt eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta limistéar riaracháin BOOÁCDL, is é sin Comhairlí Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fhine Gall agus Bhaile Átha Cliath Theas. Tá BOOÁCDL ina chomhalta de Choistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ) na dtrí chomhairle uile agus tacaíonn siad le hobair na gcomhpháirtíochtaí ceantair áitiúil trí oibriú idirghníomhaireachta áitiúil agus ballraíocht ar bhord na gcuideachtaí forbartha áitiúla lena n-áirítear Empower, Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath agus Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas.

I measc an ionchuir eile ó BOOÁCDL mar pháirtí leasmhar in 2021 i dtaca le forbairt in earnáil an oideachais agus na hoiliúna, bhí ionadaíocht ón mbord ar bhoird rialaithe Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

agus Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Bhíothas ag obair i gcomhar le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), go háirithe chun dámhachtainí nua a fhorbairt i réimse an chúraim leanaí.

In 2021, bhí Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ag obair i gcomhar le líon mór eagraíochtaí agus institiúidí eile trí uaireanta teagaisc nó cúnamh airgeadais a sholáthar, lena n-áirítear:

- Scoil Speisialta Beinin Casa
- An tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí (Dún Droma & Port Reachrann)
- Ceardlann Oiliúna Pobail Dhún Laoghaire
- Tionscadal Deonach, Tamhlacht Thiar
- Grúpa Acmhainní Oideachais Fhine Gall
- Ceardlann Oiliúna Fhine Gall
- Oiliúint Ghinearálta maidir leis an Lucht Siúil
- Ceardlann Oiliúna Pobail Bhaile Rónáin
- Scoil Speisialta Naomh Agaistín
- Tionscadal Lucht Siúil Thamhlachta
- Tionscadal Tivoli, Dún Laoghaire
- Clár Tower, Co. Bhaile Átha Cliath
- Youth Horizons
- Scoil Speisialta na Crannóige Nua

- Aonad Sainchúraim Bhaile Uí Dhúda
- Ionad Coinneála Bhaile an Oibricigh

Choinnigh agus neartaigh BOOÁCDL a chaidreamh le Seirbhísí Comhroinnte ESBS freisin, agus leanadh leis an gcóras párolla a fhorbairt agus le híocaíochtaí foghlaimeoirí a aistriú agus lenár bpacáiste airgeadais a uasghrádú.

6

Aguisín:

A - An Fhoireann Ardbhainistíochta, Scoileanna, Coláistí IAT, Ionaid Oideachais agus Róil & Seirbhísí Tacaíochta

B – Coistí BOO

C- Scoileanna Pobail a bhfuil BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar a mBord Bainistíochta mar Chomhphátrún

D- Glacadh agus comhlíonadh an Chóid Rialachais

E- Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird

F- Dearbhú an Bhoird go bhfuil an Eagraíocht ag Cloí leis na Ceanglais go léir is Infheidhme agus á gComhlíonadh

Giorrúcháin

AGUISÍNÍ

AGUISÍN A

Foireann Ardbhainistíochta BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, Scoileanna, Coláistí IAT, Ionaid Oideachais agus Róil agus Seirbhísí Tacaíochta

An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí

Caitriona Murphy, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhach

Debbie Howlett, an Stiúrthóir Gníomhach Eagraíochta, Tacaíochta agus Forbartha

Adrian Flynn, Stiúrthóir Scoileanna

Nichola Spokes, Stiúrthóir na Scoileanna (Eanáir go Samhain 2021)

Noel Kelly, Stiúrthóir Gníomhach na Scoileanna (Samhain go Nollaig 2021)

Trevor Moore, Stiúrthóir Gníomhach an Bhreisoideachais (Eanáir go Lúnasa 2021)

Siobhan Lynch, Stiúrthóir Gníomhach an Bhreisoideachais (Meán Fómhair go Nollaig 2021)

Scoileanna Náisiúnta Pobail

Scoil Choilm

Scoil Chormaic

Scoil Ghráinne

P.S.N. Leamhcáin

Scoil Aoife

S.N.P. Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard

P.S.N. an Mhóinéir Leathain

P.S.N. Ghleann na hAbhann

P.S.N. Thamhlachta

Coláistí Pobail Ainmnithe

Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha

Coláiste Cois Life

Coláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Ráth an Deagánaigh (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Theach na Giúise

Gaelcholáiste Reachrann

Coláiste Pobail na Gráinsí (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail an Ghrífín

Coláiste Pobail na Ciseoige

Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Ghleanntán na hAbhann

Coláiste Pobail Chaoimhín (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Mhic Dara

Coláiste Pobail na Sceirí

Coláistí Pobail nach bhfuil Ainmnithe

Coláiste Pobail Bhaile Adaim

Coláiste Pobail Ard Giolláin

Coláiste Pobail Bhaile Brigín

Coláiste Chillian

Coláiste Pobail Fóla

Coláiste de hÍde

Coláiste Pobail Setanta

Coláiste Pobail Dhomhnach Bat

Coláiste Pobail Ériu

Coláiste Pobail Fhine Gall

Coláiste na nGlaschnoc (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Choill an Rí

Coláiste Pobail Leamhcáin

Coláiste Pobail Lusca

Coláiste Pobail Bhaile Lotrail

Coláiste Pobail Fhionáin

Coláiste Pobail Shoirid

Scoileanna Speisialta

Scoil Speisialta Phobail Dhanu

Aonad Sainchúraim Scoile na Crannóige Nua

Aonad Sainchúraim Scoile Bhaile Uí Dhúda

Coláistí Breisoideachais IAT

Institiúid Bhreisoideachais na Carraige Duibhe

Institiúid Bhreisoideachais Dhún Laoghaire

Coláiste Breisoideachais Dhún Droma

Coláiste Breisoideachais an Naigín

Coláiste Breisoideachais Stigh Lorgan

Ionaid Oideachais agus Oiliúna

Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin

Ionad Oiliúna Bhaile Dúill

Ionad Oiliúna Thamhlachta

Ionaid Choinneála

Ionad Oideachais Bhaile an Oibrígh

Seirbhísí Oideachais Aosaigh

Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh

Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh

Baile Átha Cliath Thoir Theas

Baile Átha Cliath Thiar Theas

Ionaid Ógtheagmhála

Ionad Ógtheagmhála Bhaile Brigín

Ionad Ógtheagmhála Bhaile Bhlainséir

Ionad Ógtheagmhála Chluain Dolcáin

Ionad Ógtheagmhála Leamhcáin

Ionad Ógtheagmhála na Prióireachta

Ionad Ógtheagmhála Ráth Fearnáin

Ionad Ógtheagmhála an Rois

An tIonad Spóirt Ógtheagmhála

Ionad Ógtheagmhála Shoir

Ionad Ógtheagmhála Thamhlachta

An tAonad um Thacaíocht agus Oiliúint don Ógra

Róil agus Seirbhísí Tacaíochta

Seirbhísí Treorach d'Aosaigh

Oifigeach Forbartha Contae don Óige

Oifigeach Forbartha do FGL, TFO agus SDOG

Oifigeach Forbartha do Bhéarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE)
Oifigeach Forbartha do Dhearbhú Cáilíochta (DC)
Oifigeach Forbartha do Thaighde agus Seirbhísí Litearthachta
An tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta
Comhordaitheoir Réigiúnach Seirbhísí Ógtheagmhála agus Ionad Oiliúna do
Thaistealaithe.

Tá na sonraí ar fad faoi gach ceann de na nithe thuas le fáil ar láithreán gréasáin BOO
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire: www.ddletb.ie

AGUISÍN B

Coistí an BOO:

An Coiste Airgeadais
An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca
An Coiste Óige agus Spórt
Coistí Ógtheagmhála

AGUISÍN C

Scoileanna Pobail a bhfuil BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar a mBord Bainistíochta mar Chomhphátrún:

Scoil Phobail Naomh Tiarnáin
Scoil Phobail Bhaile an tSaoir
Scoil Phobail Bhaile an Bhlácaigh
Coláiste Pobail Aodháin
Scoil Phobail Chábán tSíle
Scoil Phobail Chúil Mhín
Scoil Phobail Thobar an Domhnaigh
Scoil Phobail Bhaile an Hartaigh
Scoil Phobail an Teaghlaigh Naofa, Ráth Cúil
Scoil Phobail Chill an Ardáin
Scoil Phobail Chnoc Lín

Scoil Phobail Mhullach Íde
Scoil Phobail an tSeanbhábhuin
Scoil Phobail Bhaile Phámar
Scoil Phobail Phort Mearnóg
Scoil Phobail Mharcais
Scoil Phobail Thamhlachta

Scoileanna Cuimsitheacha a bhfuil an POF ar a mBord:

Scoil Chuimsitheach na Páirce Nua

AGUISÍN D

Glacadh agus Comhlíonadh an Chóid Rialachais.

Leagtar amach an Cód Rialachais do BOOnna in Imlitir 02/2019, a d'eisigh an Roinn Oideachais chuig gach BOO i mí Eanáir 2019. Ghlac BOOÁCDL an Cód Rialachais 02/2019 ag a chruinniú an 26 Márta 2019. Sular glacadh an Cód Rialachais 02/2019 d'oibrigh BOOÁCDL

faoin gCód Rialachais 18/2015. Deimhníonn an Bord gur oibrigh BOOÁCDL i gcomhréir leis an gCód Rialachais le haghaidh BOOnna.

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2021. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Airgeadais in 2021.

AGUISÍN E

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird.

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Éilítear ar an BOO le hAlt 51 den Acht sin na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choinneáil ar an airgead a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasaoíochta a cheadóidh

an tAire Oideachais le toiliú an Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord na nithe a leanas a dhéanamh:

- (a) gnáthbheartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm maidir le hullmhú ráitis airgeadais an BOO;

- (b) breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- (c) aon imeacht ábhartha ó na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus míniú a thabhairt air.

Tá an Bord freagrach as leabhair chúí chuntais a choinneáil, a nochtfaidh, go

réasúnta cruinn tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuirfidh ar a chumas a chinntiú go bhfuil na Ráitis Airgeadais ag teacht le halt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

AGUISÍN F

Dearbhú an Bhoird go bhfuil an Eagraíocht ag Cloí leis na Ceanglais go léir is Infheidhme agus á gComhlíonadh.

Deimhníonn an Bord an méid seo a leanas ar son Bhord Oideachais & Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021:

1. Go dtugtar léiriú iomchuí ar ioncam agus caiteachas an Bhoird agus ar staid ghnóthaí an Bhoird sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil;
2. Tá athbhreithniú déanta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus ar an Ráiteas um Rialú Inmheánach, atá faoi réir athrú go dtí go mbeidh an t- iniúchadh seachtrach críochnaithe, arna chur san áireamh sna Ráitis Airgeadais

Bhliantúla i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2021 a fhoilseofar laistigh de mhí amháin tar éis í a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh arna cur faoi bhráid an Aire

3. Gur chloígh BOOÁCDL leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí;
4. Chomhlíon BOOÁCDL a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach in 2021;
5. Ghlac an BOOÁCDL Plean Soláthair Chorparáidigh agus chuir sé i bhfeidhm mé; agus
6. Cuireadh Tuarascáil Chuimsitheach rúnda ó na Cathaoirligh faoi bhráid an Aire.

CFM	Clár Foghlama Malartach
TFO	An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
MBCOFM	Measúnacht agus Bainistíocht Chomhoibríoch na Féinmharfachta
ARCC	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
CP	Coláiste Pobail
POF	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Clr	Comhairleoir
PSN	Pobalscoil Náisiúnta
Co. Co.	Comhairle Contae
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
CPT	Comhcheangal Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha
CSP	An Clár Seirbhísí Pobail
DEIS	Comhdheiseanna a Sholáthar i Scoileanna
RO	An Roinn Oideachais
BOOÁCDL	Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
BTB	Béarla mar Theanga Bhreise
BCTE	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
BOOÉ	Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
BO	Breisoideachas
BOAO	Breisoideachas agus Oiliúint
AD	Acmhainní Daonna
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
DTOBA	Diantegasc san Oideachas Bunata Aosach
TLU	Teangacha, Litearthacht, Uimhearthacht
ÁNLA	An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh
SNSO	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
TFE	Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta
IAT	Iar-Ardteistiméireacht
STS	An tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta (STS)
DC	Dearbhú Cáilíochta
DCCÉ	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
CCÁCT	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas
SOLAS	Seirbhísí Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
FCT	Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN

LAOGHAIRE. 

YMCA

Cumann Críostaí na bhFear Óg

ddletb



Átha Cliath agus Dún Laoghaire Bord Oideachais agus Oiliúna
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

